BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Deichiú Dlísheomra)

21 Samhain 2024*

(Tarchur chun réamhrialú – An comhbheartas tráchtála – Toirmeasc ar chleachtais dumpála – Allmhairí feisteas teilgthe feadáin nó píopaí snáithithe, as iarann teilgthe intuargainte, de thionscnamh na Síne – Rialachán Sealadach (AE) Uimh. 1071/2012 – Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 430/2013 – Bailíocht – Rialachán (CE) Uimh 1225/2009 – Airteagal 5 – Imeachtaí imscrúdaithe a thionscnamh – Sainmhíniú ar an táirge lena mbaineann – Feisteas teilgthe feadáin nó píopaí snáithithe, as iarann teilgthe graifíte sféaróidí)

I gCás C-719/22,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE, ón hof van beroep te Antwerpen (Cúirt Achomhairc Antuairp, an Bheilg), trí bhreith an 6 Deireadh Fómhair 2022, a fuarthas ag an gCúirt an 24 Samhain 2022, sna himeachtaí coiriúla i gcoinne

Profit Europe NV,

Gosselin Forwarding Services NV,

idiragraithe:

Openbaar Ministerie,

Federale Overheidsdienst Financiën,

tugann AN CHÚIRT (an Deichiú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: D. Gratsias, Uachtarán Dlísheomra, I. Jarukaitis, Uachtarán an Cheathrú Dlísheomra, agus Z. Csehi (Rapóirtéir), Breitheamh,

Abhcóide Ginearálta: G. Pitruzzella,

Cláraitheoir: A. Lamote, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus tar éis éisteacht an 7 Márta 2024,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Profit Europe NV, ag P. Diaz Gavier, advocaat,

* Teanga an cháis: an Ollainnis.

– Gosselin Forwarding Services NV, ag A. Poelmans, advocaat,

– Rialtas na Beilge, ag S. Baeyens, P. Cottin agus C. Pochet, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag P.-J. Loewenthal, G. Luengo agus J. Zieliński, i gcáil Gníomhairí,

tar éis cinneadh a dhéanamh, i ndiaidh an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breith a thabhairt ar an gcás gan Tuairim,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le bailíocht Rialachán (AE) Uimh. 1071/2012 ón gCoimisiún an 14 Samhain 2012 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí feisteas teilgthe feadán nó píopaí snáithithe, as iarann teilgthe intuargainte, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téalainne (IO 2012 L 318, lch. 10; 'an Rialachán Sealadach') agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 430/2013 ón gComhairle an 13 Bealtaine 2013 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach a fhorchuirtear ar allmhairí feisteas teilgthe feadán nó píopaí snáithithe, as iarann teilgthe intuargainte, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téalainne agus an imeacht maidir leis an Indinéis a fhoirceannadh (IO 2013 L 129, lch. 1; 'an Rialachán Cinntitheach') (le chéile, 'na Rialacháin Frithdhumpála').

2 Rinneadh an iarraidh in imeachtaí coiriúla a tionscnaíodh i gcoinne Profit Europe NV agus Gosselin Forwarding Services NV (Crosstainer NV roimhe seo) ('Gosselin'), a líomhnaítear gur rinneadh sáruithe custaim éagsúla ar allmhairiú feisteas teilgthe feadáin nó píopaí snáithithe, as iarann teilgthe graifíte sféaróidí, de thionscnamh na Síne.

An dlí lena mbaineann

Reachtaíocht an Aontais maidir le haicmiú taraifí

Cód Custam an Chomhphobail

3 Foráiltear le hAirteagal 20 de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 1992 lena mbunaítear Cód Custaim an Chomhphobail (IO 1992 L 1, lch. 302; 'Cód Custaim an Chomhphobail'), i míreanna 1 go 3 agus 6:

'1. Beidh dleachtanna atá dlite go dlíthiúil i gcás ina dtabhaítear fiach custaim bunaithe ar Tharaif Chustaim na gComhphobal Eorpach.

2. Déanfar na bearta eile a fhorordóidh forálacha Comhphobail lena rialófar réimsí sonracha i ndáil le trádáil in earraí a chur i bhfeidhm, i gcás inarb iomchuí sin, i gcomhréir le aicmiú taraife na n-earraí sin.

3. Áireofar an méid seo a leanas le Taraif Chustaim na gComhphobal Eorpach:

a) ainmníocht chomhcheangailte earraí;

b) aon ainmníocht eile bunaithe go hiomlán nó go páirteach ar an ainmníocht chomhcheangailte nó a fhorálann do bhreis foranna léi, agus a bhunaítear le forálacha Comhphobail lena rialaítear réimsí sonracha d'fhonn bearta taraife i ndáil le trádáil in earraí a chur i bhfeidhm;

[...]

6. De réir na rialacha atá i bhfeidhm, beidh rangú taraife earraí mar chinneadh ar:

a) fo-cheannteideal na hainmníochta comhcheangailte nó fo-cheannteideal aon ainmníochta eile dá dtagraítear i mír 3(b); nó

b) aon ainmníocht eile bunaithe go hiomlán nó go páirteach ar an Ainmníocht Chomhcheangailte nó a fhorálann do bhreis foranna léi, agus a bhunaítear le forálacha Comhphobail lena rialaítear réimsí sonracha d'fhonn bearta taraife i ndáil le trádáil in earraí a chur i bhfeidhm,

ina bhfuil na hearraí le cur.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

– *AC*

4 Mar is léir ó Airteagal 1(1) de Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO 1987 L 256, lch. 1), arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 254/2000 ón gComhairle an 31 Eanáir 2000 (IO 2000 L 28, lch. 16) ('Rialachán Uimh. 2658/87'), bunaíonn an Coimisiún Eorpach an Ainmníocht Chomhcheangailte ('AC') a chomhlíonann ceanglais na Comhtharaife Custaim, staidreamh seachtrach trádála an Aontais Eorpaigh agus beartais eile an Aontais Eorpaigh a bhaineann le hallmhairiú nó onnmhairiú earraí.

5 Tá AC, atá in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Uimh. 2658/87, bunaithe ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí a dhréachtaigh an Chomhairle um Chomhar Custaim, ar a dtugtar an Eagraíocht Dhomhanda Chustaim (EDC) anois, agus a bunaíodh leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí, a tugadh i gcrích sa Bhruiséil an 14 Meitheamh 1983. Rinneadh an Coinbhinsiún sin, agus an Prótacal lena ndéantar leasú air an 24 Meitheamh 1986, a fhormheas thar ceann Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa le Cinneadh 87/369/CEE ón gComhairle an 7 Aibreán 1987 (IO 1987 L 198, lch. 1). I gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Rialachán Uimh. 2658/87, luann AC ceannteidil agus fo-cheannteidil sé dhigit an Chórais Chomhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí, agus ní fhoirmíonn ach an seachtú agus an t-ochtú dhigit ina bhforanna a bhaineann go sonrach leis.

6 In AC, sa leagan a thagann as Rialachán (AE) Uimh. 1006/2011 ón gCoimisiún an 27 Meán Fómhair 2011 (IO 2011 L 282, lch. 1) agus sa leagan a thagann as Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 927/2012 ón gCoimisiún an 9 Deireadh Fómhair 2012 (IO 2012 L 304, lch. 1), le ceannteideal 7307, tá an méid seo a leanas:

‘7307	Feistis feadáin nó píobáin (mar shampla, cúplálacha, uillinneacha, muinchillí) agus iad déanta as iarann nó as cruach:
	– píopaí snáithithe:
7307 11	– – as iarann teilgthe intuargainte:
7307 11 10	– – – feadáin agus píobáin den chineál a úsáidtear i gcórais brú
7307 11 90	– – – eile
7307 19	– – eile:
7307 19 10	– – – as iarann teilgthe intuargainte
7307 19 90	– – – eile
	– eile, as cruach dhomheirgthe:
[...]	
	– eile:’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 Faoi Airteagal 9(1) de Rialachán Uimh. 2658/87, tá an Coimisiún chun nótaí míniúcháin a ghabhann le AC a ghlacadh.

8 Luadh an méid seo a leanas sna nótaí míniúcháin a ghabhann le AC a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* an 6 Bealtaine 2011 (IO 2011 C 137, lch. 1), a bhaineann le fo-cheannteidil 7307 11 10 agus 73 07 11 90:

‘Áirítear leis an téarma “iarann teilgthe dothuargainte” chomh maith iarann teilgthe graifíte lannógach.

Cumhdaítear leis na fo-cheannteidil seo feistis iarainn teilgthe, amhail uillinneacha, lúba, muinchillí, ceangail, coiléir agus tíonna. Tá siad ceangailte le feadáin nó píopaí as iarann teilgthe nó as chruach trí scriúáil, teagmháil nó cóimeáil mheicniúil.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

9 De réir na nótaí míniúcháin a ghabhann le fo-cheannteideal 7307 19 10:

‘Is táirge idirmheánach é iarann teilgthe intuargainte idir iarann teilgthe graifíte lannógach (iarann teilgthe liath) agus cruach theilgthe. Is féidir teilgean a dhéanamh go héasca agus éiríonn sé diana agus intuargainte tar éis cóireáil teasa oiriúnach. Le linn na cóireála teasa, imíonn an carbón go páirteach nó athraíonn sé a chomhdhéanamh; fosaítear ar deireadh é i bhfoirm nóid nach gcuireann isteach ar chomhtháthú miotalach chomh mór sin leis na calóga graifíte in iarann teilgthe liath.

I gcás inarb ionann an cion carbóin agus 2 % nó níos lú de réir meáchain, meastar gur cruach theilgthe atá sa táirge seo (féach nóta 1 a ghabhann leis an gcaibidil seo) agus go dtagann na táirgí a fhaightear uaithi faoi fho-cheannteideal 7307 19 90.

Áirítear leis an téarma “iarann teilgthe intuargainte” chomh maith iarann teilgthe graifíte sféaróideach.

[…]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

10 Leis na nótaí míniúcháin a ghabhann le AC a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* an 4 Eanáir 2019 (IO 2019 C 2, lch. 2), ar thaobh amháin, scriosadh an tríú mír den nóta míniúcháin a ghabhann le fo-cheannteideal 7307 19 10. Ar an taobh eile, cuireadh isteach an nóta míniúcháin nua a ghabhann le fo-cheannteideal 7307 19 90, lena sonraítear go n-áirítear feistis d’iarann teilgthe graifíte sféaróidí.

– *TARIC*

11 Foráiltear le hAirteagal 2 de Rialachán 2658/87:

‘Bunóidh an Coimisiún Taraif Chomhtháite de chuid na gComhphobal Eorpach, dá ngairtear “TARIC” anseo feasta, a chomhlíonfaidh ceanglais na Comhtharaife Custaim, staidreamh ar thrádáil eachtrach agus bheartais tráchtála, talmhaíochta agus eile an Chomhphobail a bhaineann le hallmhairiú nó le honnmhairiú earraí.

Beidh an taraif bunaithe ar [AC] agus áireofar an méid seo a leanas léi:

a) na bearta atá sa Rialachán seo;

b) na foranna Comhphobail breise, dá ngairtear “Fo-cheannteidil Taric”, a bhfuil gá leo chun bearta sonracha Comhphobail a liostaítear in Iarscríbhinn II a chur chun feidhme;

[…]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

12 Áirítear ar bhearta an Aontais dá bhforáiltear in Airteagal 2 den Rialachán sin, i bpointe 5 d’Iarscríbhinn II a ghabhann leis, *inter alia*, dleachtanna frithdhumpála.

13 Baineann Cód TARIC 7307 19 10 le feistis feadáin nó píobáin snáithithe, as iarann teilgthe intuargainte.

Reachtaíocht frithdhumpála

– *Bun-Rialachán*

14 Foráiltear le hAirteagal 1(1), (2) agus (4) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad (IO 2009 L 343, lch. 51, 'an Bun-Rialachán'):

'1. Féadfar dleacht frithdhumpála a chur i bhfeidhm ar aon táirge dumpáilte a bhfuil díobháil mar thoradh ar é a scaoileadh i saorchúrsaíocht san Aontas.

2. Féadfar táirge a mheas mar tháirge dumpáilte más rud é go bhfuil a phraghas onnmhairiúcháin go dtí an Aontas níos lú ná praghas inchomparáide ar tháirge comhchosúil, i ngnáthchúrsa trádála, mar a shuitear don tír is onnmhaireoir.

[...]

4. Chun críche an Rialacháin seo, ciallaíonn "táirge comhchosúil" táirge atá mar a chéile leis an táirge i gceist, eadhon ar cosúil gach gné de leis an táirge i gceist, nó in éagmais táirge den sórt sin, táirge eile, cé nach cosúil gach gné de leis an táirge i gceist, a bhfuil a shaintréithe an-chosúil le saintréithe an táirge i gceist.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

15 De réir Airteagal 5 den Bhun-Rialachán, dar teideal 'Imeachtaí a thionscnamh':

'1. Ach amháin mar a fhoráiltear i mír 6, déanfar imscrúdú lena gcinnfear arb ann d'aon dumpáil líomhnaithe, agus méid agus éifeacht na dumpála sin, a thionscnamh le gearán i scríbhinn ó aon duine nádúrtha nó dlítheanach, nó ó aon chomhlachas nach bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige, ag gníomhú dóibh thar ceann an tionscail de chuid an Aontais.

[...]

2. Beidh san áireamh i ngearán faoi mhír 1 fianaise maidir le dumpáil, díobháil agus nasc cúisíoch idir na hallmhairí a líomhnaítear a dumpáladh agus an díobháil líomhnaithe. Beidh sa ghearán an fhaisnéis sin atá ar fáil go réasúnach don ghearánach maidir leis an méid seo a leanas:

a) céannacht an ghearánaigh agus tuairisc ón ngearánach ar mhéid agus luach táirgthe an táirge chomhchosúil san Aontas. I gcás ina ndéantar gearán i scríbhinn thar ceann an tionscail de chuid an Aontais, sainaithneoidh an gearánach an tionscal ar thar a cheann a dhéantar an gearán le liosta de tháirgeoirí aitheanta go léir an Aontais a tháirgeann an táirge comhchosúil (nó comhlachais de tháirgeoirí an Aontais a tháirgeann an táirge comhchosúil) agus, a mhéid agus is féidir, le tuairisc ar mhéid agus luach táirgthe an táirge chomhchosúil san Aontas ag na táirgeoirí sin;

b) tuairisc iomlán ar an táirge a líomhnaítear a dumpáladh, ainm na tíre tionscnaimh nó onnmhairithe nó na dtíortha tionscnaimh nó onnmhairithe i gceist, céannacht gach onnmhaireora aitheanta nó gach táirgeora iasachta aitheanta agus liosta de gach duine is eol a allmhairíonn an táirge i gceist;

c) na praghsanna ag a ndíoltar an táirge i dtrácht agus é ceaptha chun tomhaltais ar mhargaí baile na tíre tionscnaimh nó onnmhairithe nó na dtíortha tioncnaimh nó onnmhairithe (nó, más iomchuí, na praghsanna ag a ndíoltar an táirge ón tír thionscnaimh nó onnmhairthe nó ó na tíortha tionscnaimh nó onnmhairithe le tríú tír nó tríú tíortha nó ar luach comhdhéanta an táirge) chomh maith leis na praghsanna onnmhairiúcháin nó, más iomchuí, na praghsanna ag a n-athdhíoltar an táirge den chéad uair le ceannaitheoir neamhspleách san Aontas;

d) na hathruithe ar mhéid na n-allmhairí a líomhnaítear a dumpáladh, éifeacht na n-allmhairí sin ar phraghasanna an táirge chomhchosúil ar mhargadh an Aontais agus tionchar iarmhartach na n-allmhairí ar an tionscal de chuid an Aontais, mar atá léirithe ag tosca agus innéacsanna ábhartha a bhaineann le staid an tionscail de chuid an Aontais, amhail iad siúd a liostaítear in Airteagal 3(3) agus (5).

3. Scrúdóidh an Coimisiún, a mhéid is féidir, cruinneas agus leordhóthanacht na fianaise arna soláthar sa ghearán chun a chinneadh an bhfuil go leor fianaise chun údar maith a thabhairt le himscrúdú a thionscnamh.

[...]

9. I gcás inar léir go bhfuil go leor fianaise ann go bhfuil bonn cirt le himeachtaí a thionscnamh, déanfaidh an Coimisiún amhlaidh laistigh de 45 lá ón dáta ar taisceadh an gearán agus foilseoidh sé fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. [...]

10. San fhógra tionscnaimh maidir leis na himeachtaí, fógraítear tionscnamh imscrúdaithe, léirítear an táirge agus na tíortha lena mbaineann, tugtar achoimre ar an bhfaisnéis a fuarthas agus foráiltear go bhfuil an fhaisnéis ábhartha uile le cur in iúl don Choimisiún; leagtar síos ann an teorainn ama ar laistigh di a fhéadfaidh páirtithe leasmhara iad féin a chur in iúl, a gcuid tuairimí a chur in iúl i scríbhinn agus faisnéis a chur isteach más rud é go bhfuil na tuairimí agus an fhaisnéis sin le cur san áireamh le linn an imscrúdaithe; luafar ann freisin an tréimhse ar laistigh di a fhéadfaidh páirtithe leasmhara iarratas a dhéanamh ar éisteacht a fháil os comhair an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 6(5).

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

16 Foráiltear le hAirteagal 6(1) agus (5) den Rialachán sin, dar teideal 'Imscrúdú':

'1. Tar éis na himeachtaí a thionscnamh, cuirfidh an Coimisiún, ag gníomhú i gcomhar leis na Ballstáit, tús le himscrúdú ar leibhéal an Aontais. Beidh idir dhumpáil agus dhíobháil mar chuid d'imscrúdú den sórt sin, agus imscrúdófar go comhuaineach. [...]

[...]

5. Tabharfar éisteacht do na páirtithe leasmhara a chuir iad féin in aithne i gcomhréir le hAirteagal 5(10) má tá iarraidh i scríbhinn ar éisteacht déanta acu laistigh den tréimhse atá leagtha síos san fhógra a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, iarraidh ina léiríonn siad gur páirtí leasmhar iad ar dócha go ndéanfaidh toradh an imeachta difear dóibh agus go bhfuil cúiseanna ar leith ann le héisteacht a bheith acu.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

17 Foráiltear le hAirteagal 7(1) den Rialachán sin, dar teideal ‘Foinsí faisnéise’, an méid seo a leanas:

‘Féadfar dleachtanna sealadacha a fhorchur má thionscnaítear imeachtaí i gcomhréir le hAirteagal 5, má thugtar fógra ina leith sin agus má thugtar deis leordhóthanach do pháirtithe leasmhara faisnéis a chur isteach agus tuairimí a thabhairt i gcomhréir le hAirteagal 5(10), má dhéantar cinneadh sealadach dearfach maidir le dumpáil agus maidir le díobháil do thionscal an Aontais de thoradh na dumpála sin, agus má tá gá, chun leas an Aontais, le hidirghabháil a dhéanamh chun díobháil den sórt sin a chosc. Déanfar na dleachtanna sealadacha a fhorchur tráth nach luaithe ná 60 lá ach nach déanaí ná 9 mí ó dháta thionscnamh na n-imeachtaí.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

18 Foráiltear in Airteagal 9(4) den Rialachán sin, dar teideal ‘Foirceannadh gan bhearta a ghlacadh; dleachtanna cinntitheacha a fhorchur’:

‘I gcás ina léireoidh na fíorais, faoi mar a shuífear sa deireadh iad, go bhfuil dumpáil ann agus go bhfuil díobháil déanta mar gheall uirthi, agus go bhfuil gá, chun leasa an Aontais, le hidirghabháil a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 21, forchuirfidh an Coimisiún dleacht chinntitheach frithdhumpála, ag gníomhú ar thogra arna thíolacadh ag an gCoimisiún tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Comhairleach. Glacfaidh an Chomhairle an togra seachas má chinnfidh sí, ag gníomhú mar thromlach simplí, é a dhiúltú laistigh de mhí amháin ón tráth a ndéanfaidh an Coimisiún é a thíolacadh. I gcás ina mbeidh dleachtanna sealadacha i bhfeidhm, tionscnóidh an Coimisiún an nós imeachta sin tráth nach déanaí ná mí amháin roimh dhul in éag do na dleachtanna sin. Ní bheidh méid na dleachta frithdhumpála níos mó ná an corrlach dumpála atá suite ach ba cheart í a bheith níos lú ná an corrlach dá mba leor dleacht níos lú chun deireadh a chur leis an díobháil do thionscal an Aontais.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

– *Rialachán Sealadach*

19 Is mar seo a leanas a bhí an fhoclaíocht in aithrisí 1, 2, 16, 19 agus 28 den Rialachán Sealadach:

‘(1) An 16 Feabhra 2012, d’fhógair [an Coimisiún], trí fhógra a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* [IO 2012 C 44, lch. 33] (“an Fógra Tionscnaimh”), go dtionscnófaí imeacht frithdhumpála maidir le hallmhairí feisteas feadáin nó píobáin snáithithe as iarann teilgthe intuargainte de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne [...], na Téalainne agus na hIndinéise (“na tíortha lena mbaineann”) isteach san Aontas Eorpach.

(2) Tionscnaíodh na himeachtaí mar thoradh ar ghearán a rinne Coiste Cosanta thionscal an iarainn theilgthe intuargainte san Aontas Eorpach an 3 Eanáir 2012 [...] thar ceann táirgeoirí a bhfuil níos mó ná 50 % de tháirgeacht iomlán an Aontais acu d’fheisteas feadáin nó píobáin snáithithe, as iarann teilgthe intuargainte (“feistis iarainn intuargainte snáithithe”). Bhí fianaise *prima facie* sa ghearán ar dhumpáil an táirge sin agus ar dhíobháil ábhartha a d’eascair as. Measadh go raibh na heilimintí sin leordhóthanach chun údar maith a thabhairt le himscrúdú a thionscnamh.

[...]

(16) Is éard atá sa táirge lena mbaineann, mar a thuairiscítear san Fhógra Tionscnaimh, feistis feadáin nó píobáin snáithithe as iarann teilgthe intuargainte […], a thagann faoi chód AC ex 7307 19 10 faoi láthair.

[...]

(19) Maidir leis an táirge lena mbaineann agus an táirge a tháirgtear agus a dhíoltar ar mhargadh intíre [Daon-Phoblacht na Síne], na Téalainne agus na hIndinéise, agus ar mhargadh intíre na hIndia, a bhí ina thír analógach, chomh maith leis an táirge a mhonaraíonn agus a dhíolann tionscal an Aontais san Aontas, fuarthas amach go bhfuil na buntréithe fisiceacha agus teicniúla céanna acu. Dá bhrí sin, meastar go sealadach gur táirgí comhchosúla iad de réir bhrí Airteagal 1(4) den Bhun-Rialachán.

[...]

(28) Chuir údaráis ceann de na Ballstáit in iúl, de réir na nótaí míniúcháin a ghabhann le [AC], go gcumhdaítear leis an téarma "iarann teilgthe intuargainte" iarann teilgthe graifíte sféaróideach freisin (mar an gcéanna le hiarann teilgthe insínte). Cé nár thuairiscigh aon cheann de na páirtithe leasmhara díolacháin feisteas insínte snáithithe le linn na tréimhse imscrúdúcháin, is léir go bhféadfaí díolacháin den sórt sin a dhéanamh. Ós rud é go bhfuil na buntréithe fisiceacha céanna ag na feistis sin agus atá ag na feistis intuargainte snáithithe a imscrúdaíodh, meastar gurb iomchuí a shoiléiriú go dtagann táirgí iarainn insínte faoi raon feidhme an imeachta agus na mbeart.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

20 Foráiltear le hAirteagal 1(1) den Rialachán sin:

'Forchuirtear leis seo dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí feisteas teilgthe feadán nó píopaí snáithithe, as iarann teilgthe intuargainte, atá faoi láthair faoi chód AC ex 7307 19 10 (cód TARIC 7307191010) agus ar allmhairí de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téalainne.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

– *An Rialachán Cinntitheach*

21 Is mar seo a leanas a bhí an fhoclaíocht in aithrisí 12 agus 13 den Rialachán Cinntitheach:

'(12) I bhfianaise an mhéid thuas, measadh gurbh iomchuí athbhreithniú a dhéanamh ar shainmhíniú raon feidhme an táirge a chinntear sa Rialachán sealadach. Dá bhrí sin, sainmhínítear an táirge lena mbaineann go cinntitheach mar fheistis feadáin nó píobáin snáithithe as iarann teilgthe intuargainte, a thagann faoi chód AC ex 7307 19 10 faoi láthair, cé is moite de bhunpháirteanna feisteas comhbhrú ina n-úsáidtear snáithe méadrach ISO DIN 13 agus comhchumair chiorclacha shnáithithe as iarann intuargainte gan claibín a bheith orthu.

(13) In éagmais barúlacha eile maidir leis an táirge lena mbaineann agus an táirge comhchosúil, deimhnítear leis seo na torthaí in aithrisí (17) go (21) agus (23) go (28) den Rialachán Sealadach.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

22 Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 1(1) den Rialachán Cinntitheach:

‘Forchuirtear leis seo dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí feisteas feadáin nó píobáin snáithithe as iarann teilgthe intuargainte, cé is moite de bhunpháirteanna feisteas comhbhrú ina n-úsáidtear snáithe méadrach ISO DIN 13 agus comhchumair chiorclacha shnáithithe as iarann intuargainte gan claibín a bheith orthu, atá faoi láthair faoi chód AC ex 7307 19 10 (cód TARIC 7307191010) agus ar allmhairí de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téalainne.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

23 Is dhá chuideachta Bheilgeacha iad Profit Europe agus Gosselin. Allmhairíonn Profit Europe feistis feadáin nó píobáin as iarann teilgthe, agus soláthraíonn Gosselin seirbhísí dearbhaithe custaim. Tá an dá cheann acu á n-ionchúiseamh, *inter alia*, as a sheachaint, agus feistis feadáin nó píobáin as iarann teilgthe graifíte sféaróidí á n-allmhairiú ón tSín le linn na tréimhse ón 19 Samhain 2012 go dtí an 30 Meitheamh 2015, dleachtanna frithdhumpála EUR 651 954,11 a íoc trí dhearbhú go bhfuil na feistis sin faoi cheannteideal taraife agus ainmniú mícheart, eadhon fo-cheannteideal AC 7307 11 10, a chomhfhreagraíonn d’fheistis neamh-intuargainte.

24 I ndáil leis sin, mheas an Centrale Administratie der Douane en Accijnzen (An Riarachán Lárnach Custaim agus Máil, an Bheilg), trí chinntí an 30 Márta 2015 agus an 9 Aibreán 2015, gur tháinig na táirgí sin faoi fho-cheannteideal 7307 19 10 de chód AC agus TARIC 7307 19 10 90 (‘feistis feadáin nó píobáin theilgthe, as iarann teilgthe intuargainte, gan snáithiú’). Rinneadh tagairt sna cinntí sin do nótaí míniúcháin AC a ghabhann le ceannteideal 7307 19 10, ina luaitear go gcumhdaítear leis an téarma ‘iarann teilgthe intuargainte’ iarann teilgthe graifíte sféaróideach freisin, agus do chonclúidí an 140ú cruinniú den Choiste um an gCód Custaim, a tionóladh ón 30 Meán Fómhair go dtí an 3 Deireadh Fómhair 2014, lena ndeimhnítear, go bunúsach, tuiscint leathan an téarma sin.

25 Ós rud é nár éirigh lena achomhairc riaracháin, thug Profit Europe, an 10 Bealtaine 2016, caingean os comhair an Nederlandstalige Rechtbank van eerste aanleg Brussel (Cúirt Chéadchéime Ollainnise na Bruiséile, an Bheilg) i gcoinne gach ceann de na cinntí sin.

26 Ina theannta sin, an 24 Feabhra 2017, tionscnaíodh imeachtaí coiriúla i gcoinne Profit Europe agus Gosselin os comhair an rechtbank van eerste aanleg Antwerpen, afdeling Antwerpen (an Chúirt Chéadchéime, Rannán Antuairp, Antuairp, an Bheilg), go háirithe as earraí a dhearbhú faoi cheannteideal taraife agus ainmniú mícheart.

27 Agus na himeachtaí coiriúla sin fós ar siúl, rinne an Nederlandstalige rechtbank van eerste aanleg Brussel (Cúirt Chéadchéime na Bruiséile ina labhraítear Ollainnis) tarchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú an 16 Meitheamh 2017, i ndá chás as ar eascair breithiúnas an 12 Iúil 2018, *Profit Europe* (C-397/17 agus C-398/17, EU:C:2018:564).

28 Sa bhreithiúnas sin, chinn an Chúirt nach mór feistis feadáin nó píobáin déanta as iarann teilgthe graifíte sféaróidí a aicmiú faoi fho-cheannteideal iarmharach 7307 19 90 de AC (‘feistis feadáin nó píobáin eile as iarann nó cruach teilgthe’).

29 Tar éis bhreithiúnas an 12 Iúil 2018, *Profit Europe* (C-397/17 agus C-398/17, EU:C:2018:564), tharraing Stát na Beilge siar a thacaíocht don seasamh a chosain sé go dtí an pointe sin os comhair an Nederlandstalige rechtbank van eerste aanleg Brussel (Cúirt Chéadchéime na Bruiséile ina labhraítear Ollainnis) agus deonaíodh cúiteamh nós imeachta do Profit Europe.

30 Le breithiúnas an 28 Márta 2019, d'éigiontaigh an rechtbank van eerste aanleg Antwerpen, afdeling Antwerpen (an Chúirt Chéadchéime, Rannán Antuairp, Antuairp), ar an gcéad dul síos, Profit Europe agus Gosselin as na cúisimh a bhain leis an dearbhú faoi cheannteideal taraife mícheart agus ainmniú mícheart agus, ar an dara dul síos, dhiúltaigh sí don chaingean chánach arna tionscnamh ag an Riarachán Lárnach Custaim agus Máil.

31 An 16 Aibreán 2019, rinne an Openbaar Ministerie (Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí, an Bheilg) agus an Federale Overheidsdienst Financiën (an tSeirbhís Airgeadais Phoiblí Chónaidhme, an Bheilg) achomharc i gcoinne an bhreithiúnais sin os comhair hof van beroep te Antwerpen (Cúirt Achomhairc Antuairp, an Bheilg).

32 Le cinneadh an 18 Meitheamh 2020, chuir an chúirt sin, de bhun Airteagal 267 CFAE, iarraidh ar réamhrialú chuig an gCúirt Breithiúnais maidir le léiriú ar na Rialacháin Frithdhumpála.

33 Ina breithiúnas an 15 Iúil 2021, *Profit Europe agus Gosselin Forwarding Services* (C-362/20, EU:C:2021:612), rialaigh an Chúirt nach mór na Rialacháin sin a léiriú sa chaoi go bhfuil feidhm ag na dleachtanna frithdhumpála sealadacha agus cinntitheacha a fhorchuirtear leis na Rialacháin sin maidir le feistis feadáin nó píobáin snáithithe as iarann teilgthe graifíte sféaróidí, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

34 Os comhair hof van beroep te Antwerpen (an Chúirt Achomhairc, Antuairp), arb í an chúirt a rinne an tarchur sa chás seo í, áitíonn Profit Europe agus Gosselin go bhfuil na Rialacháin céanna, a mhéid a fhorchuirtear dleachtanna frithdhumpála leo ar fheistis feadáin nó píobáin snáithithe, as iarann teilgthe graifíte sféaróidí, cé go dtagraíonn siad go heisiach d'iarann teilgthe 'intuargainte', neamhbhailí ar an bhforas go sáraítear leo Airteagail 1, 5, 6 agus 9 den Bhun-Rialachán.

35 Tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire nach dtagann an tagairt sa Rialachán Sealadach, faoin teideal 'Táirge comhchosúil', do tháirgí 'iarainn theilgthe insínte', téarma a úsáidtear freisin chun iarann teilgthe graifíte sféaróidí a aicmiú, ón ngearán a thaisc an Coiste Cosanta maidir le tionscal an iarainn theilgthe intuargainte san Aontas Eorpach an 3 Eanáir 2012, ná ón bhFógra Tionscnaimh, ach ó bharúil a rinne Ballstát mar thoradh ar imscrúdú an Choimisiúin.

36 Is é tátal na cúirte sin nach raibh feistis as iarann insínte, mar a chinn an Chúirt Bhreithiúnais ina breithiúnas an 12 Iúil 2018, *Profit Europe* (C-397/17 agus C-398/17, EU:C:2018:564), éagsúil le hiarann teilgthe intuargainte ó thaobh a chomhdhéanaimh agus a mhodh táirgthe, ina n-ábhar d'imscrúdú frithdhumpála. Dá bhrí sin, ní raibh aon sonraí ag an gCoimisiún a chuir ar a chumas a chinneadh ar dumpáladh allmhairí feisteas feadáin nó píobáin as iarann teilgthe insínte san Aontas Eorpach, cibé an ndearna an dumpáil sin díobháil agus cibé an raibh sé chun leasa an Aontais Eorpaigh na hallmhairí sin a chur faoi réir bearta frithdhumpála. Go háirithe, ní léir ón Rialachán Sealadach go raibh na sonraí riachtanacha ar fáil don Choimisiún chun an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin a chinneadh, ná chun na corrlaigh dumpála a ríomh.

37 Fiafraíonn an chúirt sin, in éagmais na sonraí sin, an bhféadfadh an Coimisiún torthaí an imscrúdaithe frithdhumpála a rinneadh go heisiach ar bhonn feistis feadáin nó píobáin as iarann teilgthe intuargainte a leathnú chuig feistis feadáin nó píobáin as iarann teilgthe intuargainte.

38 Sna himthosca sin, chinn an hof van beroep te Antwerpen (Cúirt Achomhairc Antuairp) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

‘An sáraíonn [na Rialacháin Shealadacha agus Chinntitheacha] Airteagail 1, 5, 6 agus 9 den [Rialachán Bunúsach], a mhéid a chuirtear allmhairiú feisteas teilgthe feadáin nó píopaí snáithithe, as iarann teilgthe graifíte sféaróidí, de thionscnamh [...] na Síne, faoi réir dleachtanna frithdhumpála ar allmhairí, nuair nach sainaithníodh sa ghearán chun imeacht frithdhumpála a thionscnamh ná i bhfógra tionscnaimh an bhirt frithdhumpála earraí den sórt sin mar an táirge i gceist, nuair nár cuireadh aon fhianaise ar dhumpáil, díobháil ná nasc cúisíoch ar fáil agus nuair nár imscrúdaigh an Coimisiún Eorpach ar bhealach ar bith a ngnáthluach, a bpraghas onnmhairiúcháin, an corrlach dumpála a d’fhéadfadh a bheith acu, an díobháil a d’fhéadfadh a bheith ann, méid na díobhála, tionchar fachtóirí eile atá ar eolas ar an díobháil, an nasc cúisíoch idir dumpáil agus díobháil agus an gá na hearraí sin (feistis theilgthe feadán nó píopaí snáithithe) a chur faoi réir dleachtanna frithdhumpála ar mhaithe le leas an Aontais?’

An cheist a tharchuirtear

39 Lena ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil an Rialachán Sealadach agus an Rialachán Cinntitheach neamhbhailí i bhfianaise Airteagail 5, 6, 9 agus 1 den Bhun-Rialachán a mhéid a chuireann siad allmhairí feisteas feadáin nó píobáin snáithithe, as iarann teilgthe graifíte sféaróidí de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, faoi réir dleachtanna frithdhumpála, cé nár bhain an gearán, an fógra tionscnaimh agus an t-imscrúdú ina dhiaidh sin ach le feistis feadáin nó píobáin snáithithe as iarann teilgthe intuargainte.

40 Faoi Airteagal 1(1) den Bhun-Rialachán, féadfar dleacht frithdhumpála a fhorchur ar tháirge dumpáilte i gcás ina bhfuil a scaoileadh i saorchúrsaíocht san Aontas ina chúis díobhála. Sonraítear i mír 2 den Airteagal sin, go measfar gur táirge dumpáilte é táirge más rud é go bhfuil a phraghas onnmhairiúcháin go dtí an Aontas níos lú ná praghas inchomparáide ar tháirge comhchosúil, i ngnáthchúrsa trádála, mar a shuitear don tír is onnmhaireoir.

41 Leagtar amach in Airteagal 5 den Bhun-Rialachán sin na coinníollacha faoina dtionscnaítear an t-imscrúdú chun a chinneadh an ann do dhumpáil fhéideartha, agus méid agus éifeacht na dumpála sin. I gcás ina dtionscnaítear an t-imscrúdú tar éis gearáin, foráiltear le hAirteagal 5(2) den Rialachán sin nach mór tuairisc iomlán a bheith sa ghearán, *inter alia*, ar an táirge a líomhnaítear a dumpáladh agus fianaise ar dhumpáil an táirge sin agus ar an díobháil a rinneadh do thionscal an Aontais dá bharr. I gcomhréir le hAirteagal 5(10) den Rialachán céanna, is é an fógra maidir le tionscnamh na n-imeachtaí ná tionscnamh imscrúdaithe lena bhfógraítear, ar imscrúdú é ina léireofar an táirge agus na tíortha lena mbaineann agus ina dtabharfar achoimre ar an bhfaisnéis a fuarthas.

42 Leagtar síos in Airteagal 6 den Bhun-Rialachán na rialacha agus na nósanna imeachta is infheidhme le linn an imscrúdaithe.

43 De réir Airteagal 9(4) den Bhun-Rialachán sin, i gcás ina dtaispeánfaidh na fíorais, mar a suíodh ar deireadh iad, go bhfuil dumpáil ann agus go bhfuil díobháil déanta mar gheall uirthi, agus go bhfuil gá, chun leasa an Aontais, le hidirghabháil a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán sin, tá dleacht chinntitheach frithdhumpála le forchur.

44 Dá bhrí sin, is léir ó Airteagal 1 agus ó Airteagal 9(4) den Bhun-Rialachán nach bhféadfaidh ach táirgí a bhí faoi réir imscrúdú frithdhumpála agus a bhfuarthas amach ina leith go n-onnmhairítear chuig an Aontas Eorpach iad ar phraghas níos ísle ná praghas táirgí comhchosúla sa tír is onnmhaireoir a bheith faoi réir bearta frithdhumpála (féach, chuige sin, go háirithe breithiúnas an 15 Iúil 2021, *Profit Europe agus Gosselin Forwarding Services*, C-362/20, EU:C:2021:612, mír 53 agus an cásdlí dá dtagraítear).

45 Chun an cheist a tarchuireadh a fhreagairt, is gá a chinneadh, dá bhrí sin, ar tháinig feistis feadáin nó píobáin snáithithe as iarann teilgthe graifíte sféaróidí, mar a cheanglaítear leis an mBun-Rialachán, laistigh de shainmhíniú an táirge lena mbaineann an t-imscrúdú, mar a n-áirítear i bpointe 2 den Fhógra Tionscnaimh.

46 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú, tar éis an ghearáin maidir le feistis feadáin nó píobáin snáithithe as iarann teilgthe intuargainte, gur fhoilsigh an Coimisiún an Fógra Tionscnaimh an 16 Feabhra 2012, arb é a shainmhínítear i bpointe 2 de an táirge faoi imscrúdú mar 'feistis feadáin nó píobáin theilgthe shnáithithe as iarann teilgthe intuargainte'. Sonraíodh i bpointe 3 den Fhógra sin go raibh an táirge a líomhnaítear a bheith á dhumpáil cumhdaithe faoi fho-cheannteideal 7307 19 10 de AC, agus sonraíodh gur tugadh an fo-cheannteideal sin 'ar mhaithe le faisnéis amháin'.

47 Ar an gcéad dul síos, mar a chinn an Chúirt Bhreithiúnais cheana féin i míreanna 73 agus 74 de bhreithiúnas an 15 Iúil 2021, *Profit Europe agus Gosselin Forwarding Services* (C-362/20, EU:C:2021:612), leanann sé ó Airteagal 20(2) de Chód Custaim an Chomhphobail nach gcuirtear bearta a leagtar síos le forálacha sonracha de dhlí an Aontais, is infheidhme i gcomhthéacs na trádála in earraí, seachas dleachtanna atá dlite go dleathach i gcás ina dtabhaítear fiach custaim, eadhon, dleachtanna frithdhumpála, i bhfeidhm ach amháin, 'i gcás inarb iomchuí', de réir aicmiú taraife na n-earraí sin. Dá réir sin, ní féidir le breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais a bhaineann, mar atá i gcás bhreithiúnas an 12 Iúil 2018, *Profit Europe* (C-397/17 agus C-398/17, EU:C:2018:564), le haicmiú taraife táirge amháin, a chumhdaítear freisin leis na Rialacháin Frithdhumpála, tionchar a bheith aige ar raon feidhme na Rialachán sin. Dá bhrí sin, ní féidir leis an mbreithiúnas deiridh sin tacú leis an gconclúid nár cumhdaíodh feistis feadáin nó píobáin snáithithe as iarann teilgthe graifíte sféaróidí leis an imscrúdú frithdhumpála lena mbaineann.

48 Ar an dara dul síos, ní mór a mheabhrú, le linn na tréimhse idir taisceadh an ghearáin agus glacadh an Rialacháin Chinntithigh, gur léirigh na nótaí míniúcháin a ghabhann le AC a bhaineann le fo-cheannteideal 7307 19 10, lena n-áirítear feistis theilgthe as iarann teilgthe intuargainte, gur cumhdaíodh leis an téarma 'iarann teilgthe intuargainte', de réir bhrí an fho-cheannteidil sin, iarann teilgthe graifíte sféaróidí freisin.

49 Is léir freisin ó na nótaí míniúcháin sin nach mór a thuiscint go bhfuil an coincheap 'iarann teilgthe intuargainte', de réir bhrí na nótaí sin, i gcodarsnacht le hiarann teilgthe neamh-intuargainte.

50 Ba chóir a mheabhrú go dtagraíonn intuargainteacht, in eolaíocht na n-ábhar, do chumas ábhair dífhoirmiú faoi strus comhbhrúite agus go bhfuil iarann teilgthe graifíte sféaróideach, go pointe áirithe, dífhoirmithe faoi shrian den sórt sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 12 Iúil 2018, *Profit Europe*, C-422/17 agus C-423/17, EU:C:2018:564, míreanna 40 agus 43). Dá bhrí sin, féadfar iarann teilgthe graifíte sféaróidí a aicmiú mar iarann 'intuargainte'.

51 Leanann sé ó na breithnithe a leagtar amach i míreanna 48 go 50 thuas nach raibh sa choincheap 'iarann teilgthe intuargainte', de réir bhrí phointe 2 den Fhógra Tionscnaimh, ach iarann teilgthe graifíte sféaróideach, agus é mar thoradh air sin nach raibh i bhfeistis feadáin nó píobáin snáithithe as iarann teilgthe graifíte sféaróidí, ach leagan malartach den 'táirge' lena mbaineann, de réir bhrí Airteagal 5(2)(b) agus Airteagal 5(10) den Bhun-Rialachán.

52 I ndáil leis sin, ní mór a thabhairt faoi deara nach gá go mbaineann an coincheap 'táirge [...] a mheastar a bheith dumpáilte', de réir bhrí Airteagal 1(2) den Bhun-Rialachán, le táirge a cheaptar a bheith aonchineálach san iomlán. Os a choinne sin, chun ábhar an choincheapa sin a chinneadh i gcás sonrach, tá sé ábhartha go gcumhdaítear leis an táirge i gceist tacar earraí a bhfuil na buntréithe fisiceacha agus teicniúla céanna acu (féach, chuige sin, breithiúnas an 17 Márta 2016, *Portmeirion Group*, C-137/14, EU:C:2016:180, míreanna 38 go 42 agus 48).

53 Tá na buntréithe fisiceacha céanna ag feistis feadáin nó píobáin snáithithe, bídís déanta as 'iarann teilgthe intuargainte' nó as 'iarann teilgthe graifíte sféaróidí' (féach, chuige sin, breithiúnas an 15 Iúil 2021, *Profit Europe agus Gosselin Forwarding Services*, C-362/20, EU:C:2021:612, mír 63), ionas, mar a d'áitigh an Coimisiún ag an éisteacht, go n-úsáidtear iad go bunúsach chun na gcríoch céanna agus go bhfuil siad inmhalartaithe.

54 Dá bhrí sin, tagann feistis feadáin nó píobáin snáithithe as iarann teilgthe graifíte sféaróidí faoi shainmhíniú an táirge a líomhnaítear a dumpáladh sa ghearán agus faoi shainmhíniú an táirge faoi imscrúdú. Dá bhrí sin, baineann na sonraí a bailíodh san imscrúdú sin, chomh maith leis na torthaí maidir le dumpáil, díobháil, cúisíocht agus leas an Aontais a bhí mar thoradh ar an imscrúdú bunaidh maidir le feistis feadáin nó píobáin snáithithe, as iarann teilgthe intuargainte, freisin le feistis feadáin nó píobáin snáithithe, as iarann teilgthe graifíte sféaróidí.

55 Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin, de réir aithris 28 den Rialachán Sealadach, go dtagann feistis shnáithithe as 'iarann teilgthe insínte' faoi raon feidhme na n-imeachtaí agus na mbeart, ós rud é go bhfuil na saintréithe fisiceacha fíor-riachtanacha céanna ag feistis as iarann teilgthe insínte agus atá ag feistis iarainn intuargainte snáithithe. Ar an gcéad dul síos, luadh freisin, i bhformhór na leaganacha teangacha in aithris 28, gurb ionann iarann teilgthe graifíte sféaróidí agus iarann teilgthe insínte. Ar an dara dul síos, is léir ó aithris 13 den Rialachán Cinntitheach nach ndearnadh aon bharúil maidir leis an táirge lena mbaineann, agus mar thoradh air sin gur deimhníodh na torthaí in, *inter alia*, aithris 28 den Rialachán Sealadach.

56 Is léir ó na torthaí sin go bhfuil an réamhleagan ar a bhfuil an cheist a tarchuireadh bunaithe, eadhon nach raibh feistis feadáin nó píobáin snáithithe as iarann teilgthe graifíte sféaróidí faoi réir na n-imeachtaí frithdhumpála lena mbaineann, mícheart, agus mar thoradh air sin go bhfuil amhras na cúirte a rinne an tarchur maidir le bailíocht na Rialachán Frithdhumpála i bhfianaise Airteagail 1, 5, 6 agus 9 den Bhun-Rialachán gan bhunús.

57 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, is é an freagra ar an gceist a tarchuireadh nár nochtadh le breithniú na ceiste sin aon fhachtóir de chineál a dhéanfadh difear do bhailíocht na Rialachán Frithdhumpála i bhfianaise Airteagail 1, 5, 6 agus 9 den Bhun-Rialachán.

Costais

58 Os rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Deichiú Dlísheomra) mar seo a leanas:

Níor nochtadh le breithniú na ceiste arna tarchur le haghaidh iarraidh ar réamhrialú aon fhachtóir de chineál a dhéanfadh difear do bhailíocht Rialachán (AE) Uimh. 1071/2012 ón gCoimisiún an 14 Samhain 2012 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí feisteas teilgthe feadán nó píopaí snáithithe, as iarann teilgthe intuargainte, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téalainne agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 430/2013 ón gComhairle an 13 Bealtaine 2013 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach a fhorchuirtear ar allmhairí feisteas teilgthe feadán nó píopaí snáithithe, as iarann teilgthe intuargainte, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téalainne agus an imeacht maidir leis an Indinéis a fhoirceannadh i bhfianaise Airteagail 1, 5, 6 agus 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad.

Sínithe